**Caibidil [ _ ]**

**Sainmhínithe**

[ _] Sa Chaibidil seo agus i *Sceideal [_ ]*-

ciallaíonn “tréimhse chuntasaíochta” tréimhse 1 mhí féilire nó cibé tréimhse eile a fhorordóidh na Coimisinéirí chun críocha íocaíochta agus tuairisceáin faoi *alt [_ ];*

ciallaíonn “Coimisinéirí” na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn “toitín leictreonach” táirge is féidir a úsáid chun gal táirge leachta leictreonach a thomhailt trí bhéalphíosa, nó trí aon chomhpháirt den táirge sin, lena n-áirítear cartús, umar agus an táirge gan cartús ná umar, bíodh sé indiúscartha nó ná bíodh, nó is féidir a athlíonadh trí choimeádán athlíonta nó umar, nó is féidir a athluchtú le cartúis aon úsáide;

ciallaíonn "táirge leachta leictreonach" leacht le haghaidh táirgí ionanálaithe leachta leictreonacha ach amháin i gcás ina n-úsáidtear leacht den sórt sin go heisiach mar ionadach nicitín;

ciallaíonn “táirge ionanálaithe leachta leictreonach”-

(a) toitín leictreonach, nó

(b) aon táirge eile atá comhdhéanta de-

(i) feiste atá ceaptha chun go bhféadfar gal an táirge leachta leictreonach a ionanálú trí bhéalóg (is cuma cé acu a d'fhágfadh

an fheiste go bhféadfaí aon substaint eile a ionanálú amhlaidh), nó

(ii) cartús atá in ann –

(I) ina bhfuil táirge leachta leictreonach, agus

(II) atá mar chuid de ghléas a thagann laistigh de *fomhír (i)*;

ciallaíonn "an chéad uair a sholáthar", i gcás nach ndéantar foráil sainráite chuige sin, an chéad uair a dhéanann soláthróir soláthar laistigh den Stát;

ciallaíonn "leacht le haghaidh táirgí ionanálaithe leachta leictreonacha"-

(a) leacht ina bhfuil nicitín ar féidir a úsáid i dtáirge ionanálaithe leachta leictreonach, agus

(b) leacht nach bhfuil nicitín ann agus is féidir a úsáid i dtáirge ionanálaithe leachta leictreonach;

ciallaíonn "athchuir nicitín" cógas atá ceadúnaithe nó údaraithe ag an Údarás Rialála Táirgí Sláinte agus a sholáthraítear chun críche teiripe athchurtha nicitín;

ciallaíonn "oifigeach" oifigeach na gCoimisinéirí;

ciallaíonn "forordú" forordú le rialacháin faoi *alt [_];*

tá le “cuideachta ghaolmhar” an bhrí a shanntar dó le Gníomh na gCuideachtaí 2014;

ciallaíonn “soláthraí”—

(a) ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag *mír (b)* duine inchánach de réir bhrí alt 2 den Ghníomh Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010, nó

(b) duine cuntasach chun críocha Chuid 2 den Ghníomh Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010,

a sholáthraíonn táirge leachta leictreonach;

ciallaíonn “soláthar” táirge leachta leictreonach a sholáthar do dhuine eile, ach amháin i gcás gur cuideachta ghaolmhar an duine sin;

ciallaíonn “cáin” cáin ar tháirgí leachta leictreonacha de réir bhrí *alt [_]*.

**Muirearú agus rátaí cánach ar tháirgí leachta leictreonacha**

[ _ ] Faoi réir fhorálacha na Caibidle seo agus aon rialachán arna ndéanamh fúithi, déanfar dleacht mháil, ar a dtabharfar cáin táirgí leachta leictreonacha, a mhuirearú, a thobhach agus a íoc de réir an ráta a shonraítear i *Sceideal [_ ]* ar gach táirge leachta leictreonach.

**Dliteanas cáin a íoc ar tháirgí leachta leictreonacha**

[ _ ] Muirearófar cáin an tráth a sholáthraítear táirge leachta leictreonach den chéad uair ag soláthróir agus beidh an soláthróir sin cuntasach agus faoi dhliteanas an cháin a muirearaíodh a íoc.

**Soláthraithe táirgí leachta leictreonacha a chlárú**

[ _ ] Sula soláthraíonn soláthróir táirge leachta leictreonach ar dtús, cláróidh an soláthróir (mura bhfuil sé cláraithe amhlaidh cheana féin) leis na Coimisinéirí de réir cibé nósanna imeachta a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a cheanglóidh siad thairis sin.

**Tuairisceáin agus íocaíocht ó sholáthraithe táirgí leachta leictreonacha**

[ _ ] Chun críocha *alt [_ ]*, déanfaidh soláthróir-

(a) laistigh de mhí amháin tar éis dheireadh tréimhse cuntasaíochta, i leith na dtáirgí leachta leictreonacha a soláthraíodh sa tréimhse chuntasaíochta sin, tuairisceán a thabhairt d'oifigeach i cibé foirm a cheanglóidh na Coimisinéirí ina dtaispeánfar an chainníocht den táirge leachta leictreonach a sholáthair an soláthróir sa tréimhse sin agus ina mbeidh cibé sonraí a fhorordóidh na Coimisinéirí, agus

(b) íoc, de réir an tuairisceáin faoi *mír (a)*, agus faoin tráth a mbeidh an tuairisceán sin dlite, an méid cánach atá dlite i leith na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann.

**Taifid**

[ _ ] Déanfaidh gach soláthróir táirge leachta leictreonach cibé taifid a chothabháil ar feadh cibé tréimhsí a fhorordóidh na Coimisinéirí agus tabharfaidh sé na taifid sin ar aird lena n-iniúchadh d'oifigeach i gcás go n-iarrfaidh an t-oifigeach amhlaidh.

**Táirge leachta leictreonach a cuireadh ar ais**

[ _ ] Faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, féadfar aisíoc cánach a dheonú i leith aon táirge leachta leictreonach, ar íocadh cáin ina leith, a suífear chun sástacht na gCoimisinéirí gur tugadh ar ais don soláthraí dliteanach é.

**Aisíocaíochtaí cánach ar tháirgí leachta leictreonacha**

[ _ ]  (1)  I gcás ina gcáilíonn soláthar faoi *alt [_ ]* déanfar an cháin sin a aisíoc leis an soláthraí dlite dá dtagraítear san alt sin.

(2)  Éileamh ar aisíocaíocht faoi *fo-alt (1)* beidh sé i cibé foirm a fhorordóidh na Coimisinéirí agus cuirfear faoi bhráid na gCoimisinéirí é laistigh de thréimhse nach lú ná 1 mhí agus nach mó ná 6 mhí féilire tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta ina ndearnadh an soláthar lena mbaineann.

(3)  Ach amháin mar a gceadóidh na Coimisinéirí a mhalairt in aon chás áirithe, ní fhéadfar aisíocaíocht faoi *fo-alt (1)* a dhéanamh mura ndéantar an t-éileamh laistigh de 6 mhí féilire tar éis dheireadh na tréimhse a ndéantar an t-éileamh ar aisíocaíocht ina leith.

**Cion agus pionós**

[ _ ]  (1)  Is cion faoin bhfo-alt seo d'aon duine aon fhoráil den Chaibidil seo, nó aon rialachán arna dhéanamh faoi *alt [ _ ]*, nó aon choinníoll arna fhorchur faoin gCaibidil seo, nó faoi rialachán den sórt sin i ndáil leis an bhforáil sin, a shárú nó mainneachtain í a chomhlíonadh.

(2)  Gan dochar d’aon phionós eile a dhlífear a chur ar dhuine, aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (1)* dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A a chur air nó uirthi.

(3)  I gcás cion faoi *fho-alt (1)* gur comhlacht corpraithe a dhéanann an cion agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó le cúlcheadú aon duine a bhí, an tráth a rinneadh an cion, ina stiúrthóir, ina bhainisteoir, ina rúnaí nó ina oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó a d’airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(4) I gcás gnóthaí comhlachta chorpraithe a bheith á mbainistiú ag a chomhaltaí beidh feidhm ag, *fo-alt (3)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir é nó í.

**Rialacháin**

[ _ ] Féadfaidh na Coimisinéirí rialacháin a dhéanamh chun an cháin a bhainistiú, a áirithiú agus a bhailiú, nó chun an t-ioncam uaithi a chosaint, agus chun aon nithe a fhorordú de réir na Caibidle seo.

**Cúram agus bainistíocht**

[ _ ] Déantar an cháin a fhorchuirtear leis an gCaibidil seo a chur faoi chúram agus faoi bhainistíocht na gCoimisinéirí.

**Tosach feidhme**

[ _ ] Tiocfaidh an Chaibidil seo i bhfeidhm an lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

**Sceideal [ _ ]**

**Cáin ar tháirgí leachtacha leictreonacha**

| **Táirge**<br><br>**(1)** | **An Ráta Cánach**<br><br>**(2)** |
|---|---|
| táirge leachta leictreonach | €500.00 in aghaidh an lítir |